

An Coimisiún Eorpach
Gnóthaí Muirí agus Iascach

# Ag athchóiriú an Chomhbheartais Iascaigh (CBI)

## Ag tógáil todhchaí níos fearr do na héisc agus do na hiascairí

# Achoimriú ar thogra an AE

- Bearta a dhéanamh in aghaidh na ró-iascaireachta agus ar son bhainistiú inbhuanaithe na n-iasc.
- Táirgiúlacht na stoc éisc a chinntiú leis an uasghabháil fhadtéarmach a uasmhéadú.
- Pleananna ilbhliantúla á rialú ag cur chuige éiceachórais.
- Rialacha simplithe agus dílárú.
- Córas na lamháltas inaistrithe iascaireachta.
- Bearta atá tairbheach do na hiascaigh mhionscála.
- Cosc ar an séanachán.
- Caighdeáin nua mhargaíochta agus lipéadú níos soiléire.
- Creatlach níos fearr don dobharshaothrú.
- Cabhair airgeadais ón AE le tacú le cuspóirí inbhuanaitheachta.
- Faisnéis nuashonraithe faoi staid na n-acmhainní muirí.
- Freagracht idirnáisiúnta.

# An dúshlán

Tá géarghá ann le beartais iascaigh na hEorpa a athchóiriú. Tá ár gcuid soitheach ag gabháil níos mó éisc ná mar is féidir a atáirgeadh go sábháilte, rud a ídíonn na stoic aonair agus a chuireann an t-éiceachóras muirí i mbaol. Tá ró-iascaireacht á déanamh ar dhá thrian de stoic an Atlantaigh Thuaidh anois, tá tionscal na hiascaireachta ag fáil gabhálacha níos lú agus tá todhchaí neamhchinnte roimhe. Tá sé in am an iascaireacht a dhéanamh inbhuanaithe, go heacnamaíoch, go sóisialta agus ó thaobh na timpeallachta de.

# Cuspóirí an athchóirithe

Trí na stoic éisc a thabhairt ar ais chuig leibhéil inbhuanaithe, tá sé d'aidhm ag an gComhbheartas Iascaigh (CBI) nua soláthar bia seasmhach, slán agus sláintiúil a sholáthar do shaoránaigh de chuid an AE don fhadtéarma. Tá sé ag iarraidh rathúnas nua a thabhairt don earnáil iascaireachta, deireadh a chur le fóirdheontais agus deiseanna nua a chruthú do phoist agus don fhás i limistéir chóstacha. Ag an am céanna cothaíonn sé cuntasacht an tionscail do mhaoirseacht mhaith na bhfarraigí.

# Bainistiú ilbhliantúil bunaithe ar an éiceachóras

Ní mór dúinn an timpeallacht mhuirí a chosaint ar bhealach níos éifeachtaí má táimid le geilleagar iascaireachta beoga a atógáil. As seo amach déanfar iascaigh an AE a bhainistiú ag pleananna ilbhliantúla agus a rialú ag an gcur chuige éiceachórais agus ag an bprionsabal réamhchúramach. Beidh sonraí eolaíocha faoi staid na stoc níos iontaofa, agus beidh bonn níos fearr agus níos seasmhaí ag an tionscal iascaireachta do phleanáil agus d'infheistíocht fhadtéarmach. Déanfaidh seo acmhainní a chosaint agus táirgeachtaí fadtéarmacha a uasmhéadú.

# Ag cur feabhais ar an eolas eolaíoch

Tá faisnéis iontaofa agus nuashonraithe faoi staid na n-acmhainní muirí bunriachtanach le tacú le socruithe iontaofa bainistithe chomh maith le cur i bhfeidhm éifeachtach an CBI athchóirithe. Rachfar ar iontaoibh Bhallstáit an AE maidir le bailiú, cothabháil agus roinnt na sonraí eolaíocha faoi stoic éisc agus iarmhairt na hiascaireachta ag leibhéal an imchuacha fharraige. Bunófar cláir náisiúnta thaighde leis an ngníomhaíocht seo a chomhordú.

# Ag cur coisc ar an séanachán

Cuirfear deireadh leis an séanachán de réir a chéile. Meastar go mbaineann an cleachtas seo, de bheith ag caitheamh éisc nach dteastaíonn thar bord, le 23% de na gabhálacha iomlána (i bhfad níos mó in iascaigh áirithe!). Beidh sé d'iachall ar iascairí na speicis tráchtála ar fad a ghabhann siad a thabhairt i dtír. Beidh de thoradh air sin sonraí níos iontaofa faoi stoic éisc, tacú le bainistiú níos fearr, agus feabhsú éifeachtúlacht na n-acmhainní. Dreasacht atá ann freisin gabhálacha nach dteastaíonn a sheachaint trí mheán réiteach teicniúil, leithéidí trealamh iascaireachta níos roghnaithí.

# Rialachas díláraithe

Déanfaidh an t-athchóiriú róil agus dualgais gach páirtí a shoiléiriú agus déanfar socruithe níos cóngaraí do leibhéal na n-iascach. Sainmhíneoidh reachtóirí de chuid an AE an chreatlach ghinearálta, na bunphrionsabail, na spriocanna iomlána, na táscairí feidhmíochta agus na creataí ama. Socróidh na Ballstáit na bearta atá le cur i bhfeidhm agus beidh siad ag comhoibriú lena chéile ag an leibhéal réigiúnach.

# An iascaireacht a dhéanamh brabúsach

Tabharfar isteach córas lamháltas inaistrithe iascaireachta ar aghaidh do shoithí atá níos mó ná 12 mhéadar ar fad. Dáilfear na lamháltais ag na Ballstáit agus bronnfaidh siad teidlíocht ar a n-úinéir ar chion den deis náisiúnta iascaireachta do gach bliain. Beidh na hoibreoirí in ann a gcion a léasú nó a thrádáil. Leis sin gheobhaidh tionscal na hiascaireachta peirspictíocht fhadtéarmach, níos mó solúbthachta agus cuntasacht níos mó, ach ag an am céanna laghdófar an róthoilleadh.

# Tacaíocht do na hiascaigh mhionscála

Teastaíonn tacaíocht shonrach ó na pobail chóstacha sin a bhíonn ag brath ar an iascaireacht. Mar chuid den CBI athchóirithe síntear go 2022 ceart na mBallstát an iascaireacht a shrianú i limistéar laistigh de 12 mhuirmhíle den imeallbhord. Beidh iascaigh mionscála díolmhaithe freisin ó scéim na lamháltas inaistrithe iascaireachta. Cuimseoidh an ionstraim airgeadais atá le cur i gcrích do na hiascaigh bearta atá tairbheach do na hiascaigh mionscála agus cabhróidh sí leis na geilleagair áitiúla iad féin a chur in oiriúint do na hathruithe.

# Forbairt an dobharshaothraithe inbhuanaithe

Méadóidh creatlach níos fearr don dobharshaothrú táirgeadh agus soláthar an bhia mhara san AE, laghdóidh sí an spleáchas ar an iasc iompórtáilte agus treiseoidh sí an fás i limistéir chóstacha agus thuaithe. Dréachtóidh na Ballstáit pleananna náisiúnta straitéiseacha le baic riaracháin a bhaint agus le seasamh le caighdeáin timpeallachta, shóisialta agus eacnamaíocha don tionscal éisc fheirmeoireachta. Bunófar Comhairle Chomhairleach nua don Dobharshaothrú le comhairle a thabhairt faoi cheisteanna a bhaineann leis an tionscal.

# Cumasú na hearnála

Déanfaidh rialacha simplithe agus bainistiú díláraithe an chumhacht a dhéabhlóidiú don tionscal. Cuirfear bainistiú atá bunaithe ar thorthaí in áit socruithe saintreoracha ó bharr anuas, agus beidh lucht an tionscail in ann rogha a dhéanamh maidir leis an tslí is fearr leis na torthaí comhaontaithe a bhaint amach. Cuirfidh eagraíochtaí na dtáirgeoirí ról níos mó i gcrích maidir leis an mbainistiú, an mhonatóireacht agus an rialú chomhchoiteanna. Má dhéantar margaíocht níos fearr ar iascaigh an AE agus ar na táirgí dobharshaothraithe beidh sin ina chabhair le dramhaíl a laghdú agus le haiseolas margaidh a sholáthar do na táirgeoirí.

# Tomhaltóirí níos eolaí

Tabharfaidh caighdeáin nua mhargaíochta faoi lipéadú, faoi cháilíocht agus faoi inrianaitheacht faisnéis níos soiléire do na tomhaltóirí agus cabhróidh siad leo le tacú le hiascaigh inbhuanaithe. Beidh faisnéis áirithe lipéadaithe éigeantach, le hidirdhealú a dhéanamh idir táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, mar shampla. Is féidir éilimh eile a sholáthar ar bhonn deonach.

# Ionstraim airgeadais nua-aimseartha agus oiriúnaithe

Deonfar cabhair airgeadais AE le tacú le cuspóirí inbhuanaitheachta an CBI nua. Díreoidh sí ar ghlasú, nuálaíocht, forbairt chóstach, eolaíocht agus taighde. Scoirfear de na fóirdheontais loingis sin a dhéanann struchtúir neamh-iniompartha a chothabháil. Ní bheidh airgead poiblí ar fáil do na páirtithe sin nach gcomhlíonann na rialacha: is féidir go stopfar nó go gcuirfear íocaíochtaí na mBallstát ar fionraí, agus is féidir go mbeidh na hoibreoirí faoi réir ag coisc shealadacha nó bhuana ar fhóirdheontais sa todhchaí, má sháraíonn siad prionsabail inbhuanaitheachta.

# Ag glacadh le freagracht idirnáisiúnta

In eagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha, uaschéimneoidh an AE a ról mar idirghabhálaí neamhspleách d'inbhuanaitheacht agus do chaomhnú na stoc éisc agus na bithéagsúlachta muirí. Bunóidh sé comhghuaillíochtaí láidre agus tabharfaidh sé faoi ghníomhartha le príomhpháirtithe le dul i ngleic leis an iascaireacht mhídhleathach agus leis an róthoilleadh a laghdú. I gcomhaontuithe dhéthaobhacha iascaireachta le tíortha nach cuid den AE iad, cothóidh an AE inbhuanaitheacht, dea-rialachas agus prionsabail an daonlathais, na gceart daonna agus riail an dlí.

KL-32-11-778-GA-C

# Faigh tuilleadh eolais

Le tuilleadh eolais a fháil:

http://ec.europa.eu/fisheries/reform/index_en.htm